Agóid i Leitir Ceanainn

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi oibrithe sláinte san otharlann i Leitir Ceanainn ag léiriú a míshástachta faoi na ciorruithe sláinte. An bhfuil aon eolas agat faoin scéal seo cheana féin nó an féidir leat buille faoi thuairim a thabhairt? Pléigh an oiread agus atá ar eolas agat leis an duine in aice leat.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

campaign _____

crisis _____

a loss of services _____

trade unions _____

to show/ to convey _____

the support _____

recently _____

two wards _____

orthopaedic _____

waiting list _____

lack of money _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén fáth an bhfuil oibrithe na hotharlainne míshásta?
2. Cad atá le rá ag Maura Bn. Uí Ící agus ag Séamus Mac Ruairí?
3. Cad atá caillte ag an otharlann go dtí seo?
4. Cén fáth a bhfuil na ceardchumainn ag cur tús leis an agóid?

Ceist 4 Anois le dul siar ar an fhoclóir atá cloiste agat, an féidir leat na leaganacha difriúla a bhí sa mhír a aimsiú ar na focail/frásaí seo:

athbhliain: _____
le déanaí: _____
dúnta: _____
dul faoi scian: _____
freisin: _____
níos mó: _____
de bhrí: _____

Cad a bhí ag an duine in aice leat? An féidir libh smaoineamh ar fhocail ar bith eile dá gcuid féin a bhfuil an bhrí chéanna leo?

Ceist 5 *'*Lá i ndiaidh *lae'*

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an fhocal i gcló Iodálach?

(b) Féach ar na samplaí seo a bhí le cloisteáil sa mhír. Scríobh an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí.

Am (lón): _____
Aird (an pobal): _____
Liostaí (feitheamh): _____
Easpa (airgead): _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil córas maith sláinte againn sa tír seo, dar leat?
Ar cheart go mbeadh seirbhísí sláinte saor in aisce do chách?
Ó do thaithí féin, an gcuireann an otharlann is cóngaraí duitse seirbhís mhaith ar fáil?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

campaign	**feachtas**
crisis	**géarchéim**
a loss of services	**cailliúint seirbhísí**
trade unions	**ceardchumainn**
to show/ to convey	**le cur in iúl**
the support	**an tacaíocht**
recently	**le gairid**
two wards	**dhá bharda**
orthopaedic	**ortaipéideach**
waiting list	**liosta feithimh**
lack of money	**easpa airgid**

Ceist 3
1. Bhí oibrithe sláinte in ospidéal Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall i mbun agóidíochta inniu lena míshástacht faoi na ciorruithe sna seirbhísí sláinte san ospidéal a léiriú.
2. Maura Bn Uí hÍcí – Deir sí go bhfuil siad i mbun agóide le cur in iúl don rialtas agus d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte go bhfuil siad míshásta leis an laghdú sna seirbhísí san ospidéal i Leitir Ceanainn. Ba mhaith leo fáil amach cad atá i gceist ag an rialtas agus an FSS a dhéanamh don bhliain úr.
Séamus Mac Ruairí – deir sé nach bhfuil sé maith go leor go bhfuil na hoibrithe san otharlann faoi bhrú agus go mbeidh daoine ag fanacht níos faide le fáil isteach san ospidéal.
3. 31 leaba, dhá bharda ortaipéideach agus tá an liosta feithimh ag fás i gcónaí.
4. Deir na ceardchumainn SIPTU, IMPACT agus Cumann na nAltraí go bhfuil siad ag cur tús inniu le feachtas agóidíochta anseo sa chontae le cinntiú go bhfanfaidh na seirbhísí sláinte atá ag teastáil go géar anseo in otharlann Leitir Ceanainn,

Ceist 4

athbhliain:	**bliain úr**
le déanaí:	**le gairid**
dúnta:	**druidte**
dul faoi scian:	**obráid**
freisin:	**fosta**
níos mó:	**a thuilleadh**
de bhrí:	**de bharr**

Ceist 5
(a) Tuiseal ginideach, uimhir uatha
(b)

Am (lón):	**am lóin**
Aird (an pobal):	**aird an phobail**
Liostaí (feitheamh):	**liostaí feithimh**
Easpa (airgead):	**easpa airgid**

Ceist 6
Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Bhí oibrithe sláinte in ospidéal Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall i mbun agóidíochta inniu lena míshástacht faoi na ciorruithe sna seirbhísí sláinte san ospidéal a léiriú. Dúirt oibrithe go leanfaidís leis an bhfeachtas agóidíochta sa gcontae. Tá tuairisc ag Áine Ní Bhreisleáin.

Áine Ní Bhreisleáin.
Cé go raibh an aimsir go holc ag am lóin inniu bhí go leor oibrithe i láthair ag otharlann Leitir Ceanainn le dul i mbun agóidíochta. Is ag iarraidh aird an phobail agus na nÚdarás (*na hÚdaráis* a deirtear) a tharraing ar an ghéarchéim anseo san otharlann, maidir le cailliúint seirbhísí de, a bhí na ceardchumainn, SIPTU, IMPACT agus Cumann na nAltraí.

Maura Bn. Uí hÍcí, Cumann na nAltraí
Tá muid anseo le cur in iúl don rialtas agus don *HSE West* nach bhfuil muid sásta leis an laghdú sna seirbhísí atá ag dul ar aghaidh san ospidéal i Leitir Ceanainn. Má bhaineann pobal Thír Chonaill (*pobal Tír Conaill* a deirtear) úsáid as an ospidéal seo agus muna bhfaigheann (*muna faigheann* a deirtear) muidinne an tacaíocht, ní bheidh ospidéal ann. Caithfidh muid fanacht agus a fháil amach ón rialtas agus ón *HSE West* cad é go díreach atá a dhul a tharlú san athbhliain.

Áine Ní Bhreisleáin.
Tá tríocha is a haon leaba caillte san otharlann seo le gairid chomh maith le dhá bharda ortaipéideach druidte agus tá na liostaí feithimh d'obráidí ag fás lá i ndiaidh lae.

Séamus Mac Ruairí, Urlabhraí Pháirtí an Lucht Oibre
Beidh foireann na hotharlainne féin curtha faoi bhrú. Beidh daoine ag fanacht níos faide le dul isteach fosta san otharlann agus a leithéad sin, agus níl sé maith go leor.

Áine Ní Bhreisleáin.
Tá imní ar go leor oibrithe go mbeifear ag druidim a thuilleadh leapacha sa bhliain úr de bharr easpa airgid agus fosta go mbeidh a thuilleadh ciorruithe á ndéanamh (*á dhéanamh* a deirtear) ar sheirbhísí riachtanacha sláinte i Leitir Ceanainn.

Deir na ceardchumainn SIPTU, IMPACT agus Cumann na nAltraí go bhfuil siad ag cur tús inniu le feachtas agóidíochta anseo sa chontae le cinntiú go bhfanfaidh na seirbhísí sláinte atá ag teastáil go géar anseo in otharlann Leitir Ceanainn,

Áine Ní Bhreisleáin, Nuacht TG4 i gContae Dhún na nGall.